



COMHAIRLE CONTAE
CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL



Plean Corparáideach 2024-2029

ÁBHAR

1	Réamhrá/Brollach	1
2	Ceatharlach i gComhthéacs	5
3	Creat Oibriúcháin do Sheachadadh.....	11
4	Cuspóirí Straitéiseacha chun ár bhFís agus Misean a chomhlíonadh	12
5	Timpeallacht Oibriúcháin Sheachtrach	14
6	Cur Chun Feidhme, Monatóireacht agus Tuairisciú	15
	Aguisín A: Straitéisí agus Gníomhartha Tacaíochta	17
	Aguisín B: Ballraíocht CBSanna	52
	Aguisín C: Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí.....	54
	Aguisín D: An Próiseas Comhairliúcháin	56
	Aguisín E: Ár nDualgas Earnála Poiblí	57
	Aguisín F: Beartais agus Straitéisí a bhfuil tionchar acu ar ár gcuid oibre agus a threoraíonn ár gcuid oibre.....	59
	Aguisín G: Comhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse	64
	Aguisín H: Táscairí CNMI	66

1 RÉAMHRÁ/ BROLLACH

Is ionann an Plean Corparáideach seo agus creat straitéiseach na Comhairle chun a seirbhísí a sheachadadh thar shaolré na Comhairle seo, suas go dtí 2029. Déantar cur síos ann ar ár bhFís, Misean, Bunluachanna agus ár Straitéisí seachadta agus conas a thomhasfaimid ár seachadadh.

na Comhairle. Ullmhaítear é i ndiaidh comhairliúcháin inmheánaigh agus sheachtraigh, ag féachaint dár dtimpeallacht oibriúcháin reatha agus ag am céanna cinntítear go bhfuil ár solúbthacht chun freagairt d'ímthosca agus do thosaíochtaí athraitheacha á caomhnú. Bhain tábhacht ar leith le solúbthacht agus le lúfaireacht ár n-eagraíochtaí chun freagairt i dtréimhse an Phlean deiridh, agus d'éiligh go leor imeachtaí neamhphleanáilte freagairt áitiúil shuntasach, lena n-áirítear Covid 19, an ghéarchéim fuinnimh agus tionchar an chogaidh sa Úcráin. Áirítear ar an bPlean seo creat chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh a chinnteoidh go mbeidh an Plean spriocdhírthe, solúbtha agus sofheaghrach i dtimpeallacht atá ag athrú an t-am ar fad.

Bíonn tionchar ag an bPlean ar ullmhú ár mBuiséad Bliantúil, (Ioncam agus Caipiteal) agus ar ár bPleananna Seirbhíse Bliantúla a úsáidimid chun á gcuspóirí comhaontaithe a leabú i seachadadh. Cuirtear an Plean Corparáideach san áireamh sna Cláir Oibre Bhliantúla agus sna Pleananna Foirne chun a chinntiú go mbíonn ár bPlean Corparáideach ag tacú leis an obair laethúil atá á déanamh againn thar ceann phobal Cheatharlach.

Nuair a bhí an Plean á ullmhú againn thugamar aird ar shaincheistanna trasghearrtha cosúil le hIonchuimsiú Sóisialta, Comhionannas, an tAthrú Aeráide

agus Forbairt Inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, bhíomar airdeallach ar Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí atá leagtha amach in Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus i Spriocanna Seachadta Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Oibreoidh na Comhaltaí Tofa, an Fhoireann Bainistíochta agus ár mbaill foirne, i gcomhpháirt leis na comhlachtaí reachtúla, deonacha agus pobail go leor a bhfuil leas coiteann acu leo, chun a chinntiú gur Contae forásach, rafar agus fáiltiúil é Ceatharlach inar féidir lenár bpobail agus le daoine maireachtáil agus obair a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe.



Fergal Browne
Cathaoirleach



Coilín O Reilly
Príomhfheidhmeannach



Fís

Is Contae forásach, rafar agus fáiltiúil a bheidh i gCeatharlach, áit ar féidir le pobail cónaí, a bheith faoi bhláth agus a gcuid oibre a dhéanamh go hinbhuanaithe.

Cumasóidh Comhairle Contae Cheatharlach Fís an Chontae trí ionchuimsitheacht, lúfaireacht agus uaillmhian, agus cumhachtófar an phobail trí na daoine agus na seirbhísí.



Misean

Trí cheannaireacht láidir tacóimid le folláine ár bpobail, an caighdeán saol inár bpobail agus feabhsóimid mealltacht Cheatharlach mar áit chun cónaí inti, chun obair inti, chun cuairt a thabhairt uirthi agus chun infheistiú inti, agus cloífidh leis an caighdeán ionraice, sláine agus chuntasachta is airde.



Ár mBunluachanna



Sláine, Ionracas, Cuntasacht agus Trédhearcacht:

Cinnteoimid na caighdeáin is airde **sláine agus ionracais** inár n-eagraíocht agus nuair a bheidh ár sainordú daonlathach á sheachadadh againn agus beimid **cuntasach** as ár gníomhaíochtaí agus **trédhearcach** nuair a bheidh cinntí á ndéanamh againn.



Inbhuanaitheacht agus Freagracht: Beimid ag feidhmiú mar cheannaire **freagrach** chun timpeallacht **inbhuanaithe**, geilleagar láidir agus pobail inchónaithe a chruthú do gach duine.



Ceannaireacht, Nuálaíocht agus Uaillmhian: Tacóimid le **ceannaireacht éifeachtach agus beimid nuálach agus uaillmhianach** ionas gur féidir linn smaointe agus réitigh nua a scrúdú.



Seirbhís Phoiblí agus Feabhsú Leanúnach: Leanfaimid ar aghaidh lenár seirbhísí a fheabhsú go leanúnach ar mhaithe le seachadadh níos fearr, trí nascadh, trí chumarsáid, trí éisteacht agus trí rannpháirtíocht agus beimid lúfar agus sofhreagrach chomh fada is a bhaineann le riachtanais athraitheacha.



Comhionannas, Ionchuimsiú agus Éagsúlacht: Cruthóimid timpeallacht **ionchuimsitheach** dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dár mbaill foirne, ina bhfuil aird á tabhairt ar **chomhionannas**, ina bhfuil **éagsúlacht** á hurramú, agus ina gcinntítear nach bhfuiltear ag glacadh le hidirdhealú.



Ár gCur Chuige



Leanúint ar aghaidh lenár gcultúr eagraíochta agus lenár bhfoireann a fhorbairt ionas go mbeidh an cheannaireacht, na scileanna, an treallús agus an tuiscint againn chun príomhthionscadail agus príomhchláir a sheachadadh.



A bheith dírithe ar dhaoine, maorlathas a laghdú agus a bheith sofhreagrach chomh fada is a bhaineann le héilimh iomaíocha.



Pobail bhríomhara, ionchuimsitheacha a fhorbairt trí úsáid a bhaint as cur chuige comhtháite maidir le forbairt agus cur chun feidhme Beartas, Pleananna agus Tionscadal Fisiciúil, Sóisialta agus Eacnamaíoch



Páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán fiúntach chun bonn eolais a chur ar fáil dár mbeartais agus dár bpleananna.



Ár nGealltanais



Comhpháirtíocht: Oibriú i gcomhar lenár gComhaltaí Tofa, a thoghtar go daonlathach, an CFPÁ, an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail, CBSanna, LRP, Grúpaí Pobail agus Deonacha agus Gníomhaireachtaí Stáit eile.



Ár bhFoireann: Foireann oibre éagsúil a fhostú agus díriú ar fhorbairt foirne agus ar fholláine fostaithe chun a chinntiú go bhfuil an timpeallacht oibre bríomhar agus faoi bhláth.



Prionsabail agus Creat Rialachais: Dea-rialachas a leabú tuilleadh agus oibriú ar bhealach ionraic, oibriú ar mhaithe le leas an phobail agus de réir oibleagáidí dlí, rialála agus beartais rialtais.



SFIInna: Na SFIInna a leabú i ngach gné den obair agus a chinntiú go dtugtar aird ar Chlár Oibre 2030 inár bpleananna agus inár mbeartais.



An Gníomhú ar son na hAeráide: Ár Plean agus ár Spriocanna um Ghníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh.



Aoisbháúil: Seachadadh an Chláir Aoisbháúil a stiúradh agus ar an tslí sin saol níos sláintiúla agus níos faide a chumasú.




Nuálaíocht Dhigiteach: A bheith oscailte do agus nuálaíocht dhigiteach a chur chun feidhme.



Dualgas Chearta an Duine na hEarnála Poiblí : Tacú le comhionannas, idirdhealú a chosc agus cearta gach duine a bhfuil tionchar ag ár mBeartais agus ag ár bPleananna orthu a chosaint.



Ordalthas Pleananna agus Cuspóirí



2 CEATHARLACH I GCOMHTHÉACS

T Tá Contae Cheatharlach suite in Oirdheisceart na hÉireann, i gCúige Laighean. Tá an Contae suite go straitéiseach agus tá rochtain iontach aige ar bhonneagar iompair agus ar sheirbhísí de bhrí go bhfuil sé suite ar an M9 - an mótarbhealach idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge, an phríomhlíne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge, agus an N80 - bóthar náisiúnta a nascann Eorafort Ros Láir le Lár na Tíre.

Mhéadaigh an daonra i gCeatharlach go suntasach idir 2016-2022, ó 56,932 go dtí 61,968. B'ionann é sin agus méadú de 8.8% ó 2016 – an naoú méadú is airde i measc an 31 ceantar údarais áitiúil agus níos airde ná an meán náisiúnta atá cothrom le 8.1%. Tá 34.5% den daonra idir 0-24 bliain d'aois i gcomparáid le 33.2% go náisiúnta.

Go ginearálta, tá na rátaí is airde de dhaoine óga i measc an daonra cónaitheoirí i dtuaisceart an Chontae. Tá beagnach duine amháin as gach seachtar daoine aois 65+ (15% atá inchomparáide leis an Stát). Go ginearálta, tá na luachanna is airde i gceantair thuaithe agus i ndeisceart an Chontae.





Fig: 1: Sonraí Daonra 2022

2.1 Cá bhfuil Fás Daonra le Tabhairt faoi Deara

Bhí an fás daonra sa Chontae idir 2016-2022 ag tarlú sa mhórcheantar uirbeach. Tharla 50% den fás foriomlán i mBaile Cheatharlach atá ainmnithe mar Phríomhbhaile agus thart breis is 11% den fás foriomlán i mBaile Ceantair na Tulaí agus Mhuine Bheag. Go ginearálta, tá sé sin ag teacht leis an straitéis fáis don Chontae ina leithdháiltear 42% den sprioc tithíochta fhoriomlán do Bhaile Cheatharlach agus 23% do Bhaile Ceantair na Tulaí agus Mhuine Bheag. Bhí an leibhéal fáis in An Tulach agus Muine Bheag srianta mar gheall ar easnaimh

bhonneagair san acmhainn chóireála fuíolluisce sa dá lonnáocht. Tá sé beartaithe oibreacha uasghrádaithe a chur i gcrích sa dá ionad in 2024 agus in 2025.

Tharla thart ar 7.4% den fás foriomlán sa Chontae i gCatagóir na mBailte Beaga, agus tugadh an leibhéal méadaithe is mó faoi deara in Ráth Bhile in Oirthuaisceart Chontae Cheatharlach. Tharla 4.7% den fás i Sráidbhailte Seirbhísithe Níos mó. Bhí sráidbhailte seirbhísithe níos lú (10 sráidbhaile) i dteannta leis na Nóid Tuaithe agus an Tuath freagrach as 34% de na figiúirí fáis foriomlána.






Tá 18 gComhalta Tofa ag Ceatharlach a bhfuil dhá ról acu

- Ionadaíocht a dhéanamh ar na daoine a thoghann iad agus
- Glacadh le Plean agus Beartais chun obair na Comhairle a threorú.

Cuireann na Comhaltaí Tofa an méid sin i gcrích trí fheidhmeanna “Forchoimeádta”, a n-áirítear ina measc:

Cathaoirleach a cheapadh, socruithe a dhéanamh do chruinnithe, fochoistí etc.	Scéim a fhorbairt chun tithe a leithdháileadh
Plean áitiúil eacnamaíochta agus pobail agus straitéis feidhmithe a fhorbairt	Scéim cíosa a fhorbairt
Glacadh le dréachtbhuiséad an údaráis áitiúil	Straitéis maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta a fhorbairt
Cinneadh a dhéanamh maidir leis an ráta bliantúil ar luacháil atá le gearradh	Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean a fhorbairt
Cinneadh a dhéanamh maidir leis an aisiocaíocht rátaí atá infheidhme i ndáil le maoin fholamh	Fodhlíthe maidir le luasteorainn a fhorbairt
Cinneadh a dhéanamh maidir le hairgead a fháil ar iasacht nó a thabhairt ar iasacht	Glacadh le plean forbartha nó plean forbartha a athrú
Feidhmeanna breise a thairmligean do cheantair bhardasacha	Scéim ranníocaíochta forbartha a chur i dtoll a chéile
An Plean Corparáideach a fhaomhadh	Plean a chur i dtoll a chéile d’oibríochtaí dóiteáin agus éigeandála
Glacadh leis an bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil	Fodhlíthe maidir le rialú capall a fhorbairt
Talamh a dhiúscairt	Glacadh le clár forbartha leabharlainne
Limistéar caomhantais tírdhreacha a ainmniú	Glacadh le scéim vótála
Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil	An cháin mhaoine áitiúil a athrú
Iarrthóir do thoghchán an uachtaráin a ainmniú	Coiste forbartha pobail áitiúil a bhunú
Glacadh le Plean Cóiríochta don Lucht Siúil	Coistí um beartais straitéiseacha a bhunú



CEANTAR BARDASACH CHEATHARLACH



An Comr. Fergal Browne



An Comr. John Cassin



An Comr. Andrea Dalton



An Comr. Ken Murnane



An Comr. Paul Doogue



An Comr. Fintan Phelan



An Comr. Adrienne Wallace

CEANTAR BARDASACH NA TULAÍ



An Comr. Jim Deane



An Comr. Charlie Murphy



An Comr. Ben Ward



An Comr. Brian O'Donoghue



An Comr. William Paton



An Comr. John Pender

CEANTAR BARDASACH MHUINE BHEAG



An Comr. Michael Doran



An Comr. Andy Gladney



An Comr. Thomas Kinsella



An Comr. Daniel Pender




An Comr. William Quinn




Struchtúr Eagraíochta

Tá achoimre ar struchtúr eagraíochta Chomhairle Contae Cheatharlach le fáil sa léaráid thíos.



Struchtúr Oibriúcháin



3 CREAT OIBRIÚCHÁIN DO SHEACHADADH

Is Plean uaimhianach é seo do Cheatharlach. Meastar go n-infheisteoidimid €400 milliún i gCeatharlach trínár mbuiséad Ioncaim Bhliantúil thar thréimhse an phlean seo. Lena chois sin, infheisteofar níos mó ná €300 milliún ar fud an Chontae trínár bPlean Infheistíochta Caipitil i gcomhair 2025-2027.

Tá córais bhainistíochta airgeadais láidre bunaithe againn chun a chinntiú go mbeidh ár mbuiséad á infheistiú go cliste againn agus go mbeidh an luach is fearr á fháil againn le haghaidh na gcistí poiblí atá á gcaitheamh againn. Bainimid tairbhe as cur chuige réamhghníomhach nuair a bheidh cúnamh

deontais in úsáid againn chun cur lenár n-acmhainní féin. Beidh tábhacht ollmhór ag baint lenár gcumas cúnamh deontais a mhealladh agus oibriú le agus tacú le pobail chun tionscadail “réidh le tosú orthu” a fhorbairt chomh fada is a bhaineann le seachadadh rathúil an Phlean uaimhianaigh seo.

Buiséad Bliantúil 2025

Caiteachas	€m
Tithíocht	27.10
Iompar ar Bóthar	17.42
Uisce agus Fuíolluisce Poiblí	4.07
Pleanáil Fhisiciúil agus Cur Chun Cinn Pobail	9.63
Cosaint an Chomhshaoil	10.40
Áineas agus Conláistí	6.01
Talmhaíocht, Oideachas agus Sláinte	0.30
Seirbhísí Ilghnéitheacha	6.40
Iomlán	81.3
Ioncam	
Rátaí Tráchtála	16.15
CMÁ/CRÁ	9.12
Deontais	39.11
Earraí agus Seirbhísí	16.99
Iomlán	81.3

4 CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA CHUN ÁR BHFÍS AGUS MISEAN A CHOMHLÍONADH



1. Leanúint ar aghaidh le seachadadh tithíochta inbhuanaithe a éascú agus tacú lena leithéid chun riachtanais ár bpobal a chomhlíonadh

An clár Tithíocht do Chách a sheachadadh agus pleananna éifeachtacha a dhéanamh le haghaidh riachtanas tithíochta ár saoránach ar fad agus na riachtanais tithíochta sin a chomhlíonadh.



2. Forbairt chothrom agus inbhuanaithe a dhéanamh

Ag féachaint do Phlean Forbartha Contae 2022-2028, tuilleadh forbairt a dhéanamh ar Cheatharlach ar bhealach cothromaithe, trí phleanáil fhorchéimnitheach agus trí bhonneagar riachtanach a chur ar fáil.

Tacú le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe i gCeatharlach ionas gur suíomh maith a bheidh ann d'infheistíocht agus do chruthú poist.

Tacú leis an aistriú chuig modhanna iompair inbhuanaithe agus taisteal gníomhach a mhéadú.



3. Tacú lenár bpobail chun forbairt a dhéanamh go hinbhuanaithe

Cúrsaí a phlé le pobail agus tacú le pobail chun sócmhainní pobail a fhorbairt chun an caighdeán beatha a fheabhsú do gach duine.

Tacú le tionscnaimh idirghníomhaireachta chun pobail shábháilte, fháilteacha agus nasctha a chruthú.



4. Seirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh do chustaiméirí atá éifeachtúil, éifeachtach agus inrochtana

Leanúint ar aghaidh leis an tslí a bhfuil ár seirbhísí á seachadadh againn a fheabhsú, luach ar airgead a sholáthar mar aon le cuntasacht i ndáil le cinntí agus caiteachas.

Eolas a roinnt le saoránaigh faoin raon éagsúil seirbhísí atá á chur ar fáil ag Comhairle Contae Cheatharlach gus faoin tslí is féidir rochtain a fháil orthu.

Aird a thabhairt ar an Straitéis Náisiúnta TFC agus Dhigiteach tríd an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as an teicneolaíocht agus trí dheachleachtas a chur chun feidhme chun ár seirbhísí a fheabhsú.

Aird a thabhairt ar Chód Rialachais an Údaráis Áitiúil agus a chinntiú go bhfuil oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh, lena n-áirítear inter alia, RGCS, Nochtuithe Cosanta agus SF etc.



5. Tacú le daonlathas áitiúil agus é a fheabhsú

Tacú le Baill Tofa agus le hionadaithe pobail chun a ról a chomhlíonadh laistigh dár struchtúir dhaonlathacha.



6. Ár dtimpeallacht a chosaint, tógtha agus nádúrtha, agus aird a thabhairt ar ár bhfreagrachtaí don phláinéad

Aird a thabhairt ar ár bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht agus oibleagáidí an Phlean Oidhreachta nuair a bhíonn ár seirbhísí, tionscadail, pleananna agus polasaithe á seachadadh againn.

5 TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN SHEACHTRACH



6 CUR CHUN FEIDHME, MONATÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ

Tá sé tábhachtach go mbeadh an Plean Corparáideach sách solúbtha chun dul in oiriúint d'athruithe inár dtimpeallacht oibriúcháin. Tá an Fhís, an Misean agus na Cuspóirí Straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean deartha ar bhealach solúbtha chun freastal ar aon teagmhas gan choinne agus tá sé léirithe ag an gComhairle arís agus arís eile go bhfuil ar a cumas freagairt do theagmhais den chineál sin.

Beidh feidhmeannas na Comhairle, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, ag obair i dteannta leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh, freagrach as cur chun feidhme an Phlean seo. Déanfaimid monatóireacht ar chur chun feidhme agus tuairisceoidimid ar dhul chun cinn trí thuairiscí Bainistíochta Míosúla an Phríomhfheidhmeannaigh don Chomhairle agus ár dTuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú a mbeidh comhghaol díreach aici leis na Cuspóirí Straitéiseacha a bhfuil cur síos déanta orthu sa Phlean seo.

Déanfaimid athbhreithniú ar ár bhfeidhmíocht féin bliain i ndiaidh bliana agus cuirfimid muid féin i gcomparáid le hÚdarás Áitiúla chosúla trí úsáid a bhaint as obair neamhspleách an Choiste Náisiúnta Maoirseachta agus

Iniúcháireachta, Tuarascáil Táscaire a nÚdarás Áitiúil agus a dTuarascálacha Dea-chleachtais. Chomh maith leis sin, tabharfaimid aird ar na moltaí a cuireadh san áireamh i dTuarascálacha Seirbhíse Iniúchta Rialtais Áitiúil, Tuarascálacha Iniúchta agus Tuarascáil na Ráiteas Airgeadais Bhliantúil.

Ag tacú le Cuspóirí an Phlean seo tá Creat Bainistíochta Riosca réamhghníomhach agus córas Rialachais Chorporáidigh stuama. Déanfaimid tuilleadh forbartha ar chultúr riosca eagraíochta a fheabhsaíonn rialachas corparáideach agus a chothaíonn foghlaim agus feabhas leanúnach. Déanfaidh an fhoireann bainistíochta athbhreithniú ar an gClár Riosca Chorporáidigh agus ar Chláir Rioscaí Roinne ar bhonn rialta.



An Plean a Chur Chun Feidhme agus Monatóireacht a Dhéanamh Air

Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn a bhaineann le cuspóirí a chomhlíonadh trí phrótacail agus pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Chomh maith leis sin cuirfear san áireamh agus ailíneofar le táscairí agus le treoirlínte feidhmíochta CNMI, más cuí.

Tá clár rioscaí beo ag Comhairle Contae Cheatharlach a ndéantar athbhreithniú ráithiúil air agus ina sainaithnítear rioscaí a d'fhéadfadh a bheith le tabhairt faoi deara inár dtimpeallacht oibriúcháin inmheánach agus sheachtrach. Cloífidimid leis na ceanglais riaracháin agus mhaoirseachta atá luaite sa Chód Rialachais Chorporáidigh d'Údaráis Áitiúla a foilsíodh le déanaí.

Riosca a Bhainistiú

Cabhraíonn bainistíocht riosca leis an gComhairle tairbhe a bhaint as deiseanna agus dul i ngleic le dúshlán ionas gur féidir léi a cuspóirí a chomhlíonadh.

Trí rioscaí a bhainistiú, is féidir leis an gComhairle an seans go mbeidh rath ar a cuid oibre a fheabhsú agus an dóchúlacht a bhaineann le héiginnteacht a laghdú.

Gach ráithe, déanann Comhairle Contae Cheatharlach meastóireacht chúramach ar gach riosca a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ar fad a thacaíonn lena spriocanna agus lena cuspóirí, chun a chinntiú go bhfuil a cuid oibre á déanamh aici ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus barainneach.

Tá an Chomhairle tiomanta do chur chuige atá gan riosca nó lena mbaineann riosca íseal chomh fada is a bhaineann le sábháilteacht a ball foirne, custaiméirí agus pobail, agus do chalaois, éilliú agus aon ghníomh atá éagothrom nó gan bhunús a chosc.

Chun dlús a chur le tuilleadh nuálaíochta, éifeachtúlachta agus dámhachtana amach anseo, d'fhéadfaimis díriú ar rioscaí níos airde, ach beidh ár gcuid oibre á déanamh againn i gcónaí ar mhaithe le seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár bpobail.

Náisiúnta

Táscairí Seirbhíse Náisiúnta

Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta & Iniúchóireachta

Réigiúnach

Idirghníomhaíochtaí le hOifig an Rialálaí Pleanála

Idirghníomhaíochtaí le Comhthionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

Áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Áitiúil

Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil - athbhreithnithe ráithiúla

Tuarascálacha an Choiste Iniúchta

Tuarascálacha Iniúchta Rialtais Áitiúil

Buiséid Bhliantúla - athbhreithnithe ráithiúla

Cláir Chaipitil Trí Bliana - athbhreithnithe bliantúla agus ráithiúla

Cuntais Deireadh Bliana agus Tuarascáil Toraidh

Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh don Chomhairle

Pleananna Oibriúcháin Roinne

Suirbhéanna Custaiméirí

Tairseach Chomhairliúcháin



AGUISÍN: A STRAITÉISÍ AGUS GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA

Airgeadas

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibriúcháin
Airgeadas	Tá an cuntas ioncaim comhardaithe sa mheántearma	Tá an buiséad ar glacadh leis oiriúnach chun freastal ar cheanglais seachadta seirbhíse	- Ráiteas Airgeadais Bhliantúil - Cúlchiste ioncaim ghinearálta ag deireadh na bliana	
Airgeadas	Beidh na leibhéil leachtachta oiriúnach	- Monatóireacht a dhéanamh ar shreabhadh airgid - Bainistíocht státchiste - Bailiú ioncaim a fheabhsú - Bonn rátaí a leathnú - Téarmaí creidmheasa a uasmhéadú	- Sócmhainní reatha - Dliteanais reatha	
Airgeadas	Díriú ar laghduithe costais agus ar luach ar airgead	- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tslí a gcaitear acmhainní - Rialuithe inmheánacha a threisiú - Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh airgeadais agus rialála	- ARáiteas Airgeadais Bhliantúil - Iarmhéid an chúlchiste ioncaim ghinearálta ag deireadh na bliana - Cuntas caipitil - Iarmhéid ag deireadh na bliana	



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibriúcháin
Airgeadas	Oibriú go héifeachtúil chun tacú le gnóthaí áitiúla agus le Sealbhóirí Tí	• A chinntiú go n-íoctar gach ceangaltas go tráthúil	• Reachtaíocht a bhaineann le hóc pras a chomhlíonadh	
Airgeadas	Leibhéil bhailithe feabhsaithe do chuntais féichiúnaí	• Cúrsaí a phlé ar bhonn gníomhach le féichiúnaithe • Athbhreithniú leanúnach ar shamhlacha bailithe fiach	• Spriocanna Bailiúchán Náisiúnta agus Áitiúla	
Airgeadas	Bainistíocht Airgeadais	• Comhairle airgeadais atá tráthúil, cruinn agus neamhchlaonta a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ábhartha	• Tuarascálacha airgeadais ráithiúla • Ráiteas Airgeadais Bhliantúil	
Airgeadas	Tacú leis an gClár Seachadta Caipitil	• Cistiú meaitseála a chur ar fáil • Pleanáil chaipitil ilbhliantúil	• Buiséad Ioncaim Bhliantúil • Clár Caipitil Ilbhliantúil	
Soláthar	Luach ar airgead a fháil	• Creataí lárnacha a úsáid • Comhlíonadh méadaithe	• Anailís ar chaiteachas • Clár conarthaí lárnach	
Soláthar	Comhlíonadh a chinntiú	• Maoirseacht agus cuntasacht an Choiste Stiúrtha Soláthair • Rialuithe foréilimh	• Clár conarthaí lárnach • Anailís ar chaiteachas	
Soláthar	Rannpháirtíocht ghnó a spreagadh	• Rannpháirtíocht agus oiliúint FBM • Tacú le hiomaíocht oscailte	• Clár conarthaí lárnach • Anailís ar fhreagairt do thairiscint	
Soláthar	Tacú le húsáid Comhshaoil, le Breithniú Sóisialta & le hInbhuanaítheacht	• Straitéis don Soláthar Poiblí Glas a chur chun feidhme • Tionscnaimh oiliúna	• Anailís ar fhreagairt do thairiscint • Clár conarthaí lárnach	
Soláthar	Feidhmíocht conartha a uasmhéadú	• Monatóireacht agus meastóireacht leantach • Measúnú ar luach ar airgead	• Clár conarthaí lárnach	

Forbairt Pobail, Áineas, Conláistí, Spóirt, Ealaín, Cultúr, Leabharlanna, Músaem & Oidhreacht

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
Leabharlann an Chontae & An tSeirbhís Cartlainne	Plean Forbartha Leabharlainne: A chinntiú go gcuirtear an Plean Forbartha Leabharlainne (2025-2029) chun feidhme i dteannta leis an straitéis leabharlainne náisiúnta dar teideal <i>Is í an Leabharlann an Áit 2023 – 2027</i>	- Is í an Leabharlann an Áit 2023-2027 - Plean Forbartha Leabharlann Contae Ceatharlach 2025-2029	Plean gnó bliantúil Clár Rioscaí Tuaisciú Náisiúnta do GBRÁ Tuarascálacha Míosúla an Phríomhfheidhmeannaigh	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse náisiúnta agus áitiúla (CNMI) agus tuairisceáin bhliantúla RÁ Leabharlainne Spriocanna atá sonraithe in <i>Is í an Leabharlann an Áit</i>
Leabharlann an Chontae & An tSeirbhís Cartlainne	Seachadadh Seirbhíse: Seirbhís leabharlainne phoiblí, a bhfuil neart acmhainní ar fáil lena haghaidh, a chur ar fáil agus a fhorbairt a chuireann le folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha pobal	- Plean Forbartha Leabharlann Contae Ceatharlach 2022-2028 - Is í an Leabharlann an Áit 2022-2027 - Plean Forbartha Leabharlann Contae Ceatharlach 2025-2029	- APlean gnó bliantúil - Meán-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine - Ballraíocht ghníomhach de réir gach duine den daonra - Cuairteanna leabharlainne de réir gach duine den daonra - Eisiúintí de réir gach duine den daonra	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse náisiúnta agus áitiúla (CNMI) agus tuairisceáin bhliantúla RÁ Leabharlainne Spriocanna a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean Forbartha Leabharlainne Contae Cheatharlach
Leabharlann an Chontae & An tSeirbhís Cartlainne	Bonneagar & Seirbhísí Leabharlainne a Fheabhsú: An tseirbhís atá á tairiscint ag gach leabharlann, clár, bonneagar TFC, bailiúchán, rochtain Mo Leabharlann Oscailte agus forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne oibre a fheabhsú	- Is í an Leabharlann an Áit 2022-2027 - Plean Forbartha Leabharlann Contae Ceatharlach 2025-2029	- Líon daoine atá rannpháirteach i dtionscnaimh agus i gcláir na Leabharlainne - Comhoibriú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse áitiúla Spriocanna a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean Forbartha Leabharlainne Contae Cheatharlach



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
Leabharlann an Chontae & An tSeirbhís Cartlainne	Stair & Oidhreacht: Seirbhísí Staire, Cartlainne agus Ginealaigh Áitiúla a fhorbairt agus a chur chun cinn lena n-áirítear digitiú agus caomhnú doiciméad cartlainne don phobal áitiúil agus don diaspóra	- Is í an Leabharlann an Áit 2022-2027 - Plean Forbartha Leabharlann Contae Ceatharlach 2025-2029 - Plean Oidhreachta Chontae Cheatharlach 2022-2027	- Cuairteanna leabharlainne de réir gach duine den daonra - Líon fiosrúcháin de réir gach duine den daonra - Úsáid acmhainní digiteacha ar líne	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse áitiúla Spriocanna a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean Forbartha Leabharlainne Contae Cheatharlach Spriocanna atá sonraithe in <i>Is í an Leabharlann an Áit</i>
An Oifig Oidhreachta	Léitheoireacht & Litearthacht: Cur chun feidhme I dTreo Chur Chun Cinn Chontae Cheatharlach atá Litearthachtbháúil a threorú agus a chinntiú i gcomhpháirt le Comhairle Contae Cheatharlach agus le comhpháirtithe agus le gníomhaireachtaí sainaitheanta	- Is í an Leabharlann an Áit 2022-2027 - Plean Forbartha Leabharlann Contae Ceatharlach 2025-2029 - I dTreo Chur Chun Cinn Chontae Cheatharlach atá Litearthachtbháúil	- Comhoibriú le gníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta a bhfuil sainchúram litearthachta acu - Cistiú seachtrach chun tacú le cláir litearthachta agus le bailiúchán leabharlainne	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse áitiúla Spriocanna a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean Forbartha Leabharlainne Contae Cheatharlach Spriocanna atá sonraithe in <i>Is í an Leabharlann an Áit</i>
An Oifig Oidhreachta	Plean Oidhreachta Contae: A chinntiú go gcuirtear an Plean Oidhreachta Contae (2024-2028) chun feidhme in éineacht le Plean Athghiniúna Oidhreachta Cheatharlach	- Plean Oidhreachta Contae - Plean Athghiniúna Oidhreachta	- Cuspóirí Fóram Oidhreachta an Chontae - Plean gnó bliantúil - Clár Rioscaí	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse áitiúla
An Oifig Oidhreachta	An Gníomhú ar son na hAeráide: A chinntiú go mbreithnítear go cuí an tAthrú Aeráide trí chistiú a úsáid d'iniúchtaí oidhreachta oiriúnacha ar struchtúir oidhreachta tógtha i gContae Cheatharlach agus maoluithe caomhantais bunaithe ar riachtanais ina dhiaidh sin	- Plean Oidhreachta Contae - Plean Athghiniúna Oidhreachta - Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Cheatharlach	- Cuspóirí Fóram Oidhreachta an Chontae - Cuspóirí na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide - Plean gnó bliantúil - Clár Rioscaí	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse áitiúla Spriocanna a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Cheatharlach



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
An Oifig Oidhreachta	Stair Béal: Seachadadh tionscadal oiriúnach staire béile a chinntiú agus cur le tuiscint agus le cuimsiú na hoidhreachta cultúrtha i dtionscadail athghiniúna agus phobalbhunaithe ar fud an chontae	- Plean Oidhreachta Contae - Plean Athghiniúna Oidhreachta - Meabhrán Tuisceana le Coláiste Cheatharlach, Naomh Pádraig	- Cuspóirí Fóram Oidhreachta an Chontae - Comhoibriú le Coláiste Cheatharlach, Naomh Pádraig - Plean gnó bliantúil - Clár Rioscaí	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse áitiúla sa Mheabhrán Tuisceana
An Oifig Oidhreachta	Beartas Cartlainne: Beartas Cartlainne a fhorbairt le baill den Fhoireann Cultúir	- Plean Oidhreachta Contae - Plean Forbartha Leabharlann Contae Ceatharlach 2025-2029	- Cuspóirí Fóram Oidhreachta an Chontae - Plean gnó bliantúil - Clár Rioscaí	Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as táscairí seirbhíse áitiúla Spriocanna a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean Forbartha Leabharlainne Contae Cheatharlach
Músaem an Chontae	Creidiúnú MSPI: A chinntiú go gcoimeádtar an creidiúnú iomlán faoin gClár um Chaighdeán Músaem in Éirinn	- Clár um Chaighdeán Músaem in Éirinn na Comhairle Oidhreachta - Plean Bainistíochta Straitéisí Mhúsaem Chontae Cheatharlach 2019 - 2024	Iarratas ar Athchreidiúnú Iomlán a Chur Isteach in 2026	Cuspóirí a bhfuil cur síos déanta orthu i gClár um Chaighdeán Músaem in Éirinn na Comhairle Oidhreachta
Músaem an Chontae	Taispeántais & Bailiúchán an Mhúsaem: Taispeántais atá inrochtana, taitneamhach agus éagsúil ó thaobh an chultúir de a fhorbairt agus acmhainní foghlama a fhorbairt freisin Leanúint ar aghaidh le bailiúchán an mhúsaem a dhóiciméadú agus a chaomhnú. Na bailiúcháin agus oidhreachta an chontae a fhorbairt, a chaomhnú agus aire a thabhairt dóibh	- Beartas Bailiúcháin Mhúsaem Chontae Cheatharlach 2019 – 2024 - Beartas Diúscartha Mhúsaem Chontae Cheatharlach 2019 – 2024 - Plean Bainistíochta Straitéisí Mhúsaem Chontae Cheatharlach 2019 – 2024 - Straitéis Cúraim an Bhailiúcháin 2022 - 2027	Cuir oibiachtaí nua san áireamh bunaithe ar threoir ó shealbhúcháin chuif a chuireann leis an mbéim atá á leagan ar stair Chontae Cheatharlach	Níos mó oibiachtaí á dtaispeáint agus níos mó oibiachtaí á gcaomhnú Taispeántais Shealadacha / Speisialta eagraithe



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
Músaem an Chontae	Acmhainn a Fhorbairt: An fhoireann a threisiú mar aon lena bhforbairt, agus cúrsaí riaracháin a fheabhsú. Obair a dhéanamh i dteannta le Turasóireacht Cheatharlach chun Oifig Turasóireachta (OT) Cheatharlach a chothabháil agus a oibriú	- Plean Bainistíochta Straitéisí Mhúsaem Chontae Cheatharlach 2019 – 2024 - Straitéis Turasóireachta Chontae Cheatharlach 2020-25	Cuspóirí an Phlean Bainistíochta Straitéisí	Spriocanna oiliúna Plean Foirne Oibre Chomhairle Contae Cheatharlach Taifead Míósúil/Bliantúil ar chuairoteoirí chuig an Músaem & Oifig Turasóireachta
Pobal	Margaíocht & Cur Chun Cinn: Margaíocht a dhéanamh ar an Músaem agus a sheirbhísí agus iad a Chur Chun Cinn	Plean Bainistíochta Straitéisí Mhúsaem Chontae Cheatharlach 2019 – 2024	- Cuspóirí an Phlean Bainistíochta Straitéisí - Líon daoine atá rannpháirteach i dtionscnaimh agus i gcláir an Mhúsaem - Comhoibriú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla	Taifead Míósúil/Bliantúil ar chuairoteoirí chuig an Músaem & Oifig Turasóireachta
Pobal	Tacú leis an CFPÁ & é a Éascú mar seo a leanas: Oibriú i gcomhpháirt le Gníomhaireachtaí Reachtúla & Neamhreachtúla chun Forbairt Shóisialta & Eacnamaíoch a chur chun cinn trí chlár PÁEP, SICAP & LEADER	- An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 - Treoirlinnte agus Rialacháin Reachtúla maidir le CFPÁ	- Tacaíocht riaracháin & chomhairleach a chur ar fáil - Tacú le cur chun feidhme an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail trí phleananna gníomhartha feidhmithe 2 bhliain - Tacaíocht riaracháin & Airgeadais a chur ar fáil - SICAP a bhainistiú - Tacaíocht Bainistíochta, Riarachán agus Airgeadais a chur ar fáil chun tacú le Clár Leader 2023-2027 - Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil chun Tuarascáil Bhliantúil CFPÁ & Scéimeanna Deontais a ullmhú	- Íosmhéid de 6 chruinniú sa bhliain - Déanann na Príomhghníomhaireachtaí cur i láthair do CFPÁ i rith na bpleananna gníomhartha feidhmithe 2 bhliain - Athbhreithniú, meastóireacht ar Phleananna Bliantúla, Lár Téarma & Deireadh na Bliana SICAP á ndéanamh ag Foghrúpa SICAP agus ag CFPÁ - Íosmhéid de 4 chruinniú de FLS (Fóram um Ionchuimsiú Sóisialta) gach bliain - IRIS a bhainistiú - Comhoibriú le hIníúchtaí Reachtúla Inmheánacha bliantúla & a chinntiú go gcuirtear torthaí chun feidhme - A chinntiú go gcuirtear próiseas Iarratais Chóras TFC LEADER i bhfeidhm gan deacracht - Tacú le próiseas Airteagal 48 & é a Bhainistiú. - Tuarascálacha Airgeadais Rialta a chur ar fáil do CFPÁ/GÁG - Athbhreithnithe Lár Téarma agus Deireadh Bliana ar chlár LEADER



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
Pobal	Pobail Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn & a Fhorbairt tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: Ceatharlach a chur chun cinn mar Chontae Aoisbháúil i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla & grúpaí pobail trí straitéisí aoisbháúla a chur chun feidhme	• Straitéis Aoisbháúil Chontae Cheatharlach 2025 - 2029 • Plean Forbartha Contae 2023-2028 • Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2023-2029	• Tacú le Coiste Aoisbháúil Cheatharlach agus le fochoistí chun an Straitéis Contae & na pleananna feidhmithe a sheachadadh • A chinntiú go leabaíonn Comhairle Contae Cheatharlach prionsabail Cheatharlach Aoisbháúil ina pleananna straitéiseacha, beartais agus clár oibre seachadta seirbhíse ar fad	• Buaileann Coiste Aoisbháúil Cheatharlach le chéile 6 huair i rith na bliana ar a laghad • Tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don Fhoireann Bainistíochta, don Chomhairle agus do CFPÁ maidir le dul chun cinn sa chomhthéacs Aoisbháúil • Rannpháirtíocht thras-rannach i seachadadh na ngníomhartha Aoisbháúla
Pobal	Tacú le hIonchuimsiú Sóisialta, Lánpháirtiú & Comhionannas	• Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2023-2029 • SICAP. • Plean Forbartha Contae 2022-2028 • Straitéis Imirceach • Straitéis Aoisbháúil 2025 - 2029 • Plean Forbartha Contae 2022-2028 • Plean Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil	• Tacaíocht idirghníomhaireachta agus thras-rannach do phobail a éascú, a chumasú agus a spreagadh • Feasacht a mhúscailt maidir le fadhbanna, eolas a roinnt le agus ionadaíocht a dhéanamh ar phobail atá ag déileáil le míbhuntáiste & le bacainní, le foirne tras-rannacha, grúpaí idirghníomhaireachta agus struchtúir phobail • Tionscnaimh ionchuimsithe shóisialta a spreagadh agus a chur chun cinn ag leibhéal áitiúil & contae • An Straitéis Imirceach a Chur Chun Feidhme • Tairbhe a bhaint as cur chuige comhtháite chun tacú le pobail • Tacú le Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil chun Straitéis Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil Cheatharlach a chur chun feidhme	• Mol Pobail Ilfheidhmeach a fhorbairt ar Bhóthar na Tuláí • Tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do 2 phobal gach bliain ar a laghad • Buaileann an Fóram um Ionchuimsiú Sóisialta (FIS) le chéile 3 huair sa bhliain ar a laghad agus tuairiscítear ar ais don CFPÁ • Tacaíocht a sholáthar do phobail spriocdhírthe tríd an nguthán, trí ríomhphost agus trí chruinnithe aghaidh ar aghaidh (teagmháil sheachtainiúil) Páirt a ghlacadh in imeachtaí & i dtionscadail idirghníomhaireachta chun tacú le pobail spriocdhírthe - 2 phobal in aghaidh na bliana ar a laghad • Páirt a ghlacadh i bhfoirne tras-rannacha - 4 fhoireann in aghaidh na bliana ar a laghad • An Straitéis Imirceach a Chur Chun Feidhme • Buaileann Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil Cheatharlach le chéile 4 huair i rith na bliana ar a laghad Rannpháirtíocht thras-rannach i ngníomhartha Straitéis Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil Tuairisciú rialta ar dhul chun cinn don fhoireann bainistíochta & don Chomhairle maidir le gníomhartha idirghníomhaireachta an Lucht Siúil



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
Pobal	Guth an Phobail a Chumasú & a Chumhachtú: Trí Chomhoibriú agus trí Chomhpháirtíocht	- An Tuarascáil Tús Áite do Dhaoine maidir le Rannpháirtíocht Saoránach - An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 Ceantar Áitiúil - Plean Forbartha Contae 2022-2028 - Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2023-2029 - Pobail Inbhuanaithe, Ionchuimsitheacha & Chumhachtaithe	- Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt & le hobair struchtúr & ardán pobail áit a bhfuil an acmhainn agus an deis ag pobail páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht faoi shaincheistean a chuireann isteach orthu agus a bhfuil tionchar acu orthu. Tacú le forbairt freagairtí pobail inbhuanaithe - Tacú le pobail, iad a spreagadh & oibriú leo ionas gur féidir leo rochtain a fháil ar chistiú & páirt a ghlacadh i ndeiseanna chun gníomhartha a chur i gcrích dá bpobal. Áirítear orthu sin tionscnaimh Phobail & Chomhshaoil ag leibhéal áitiúil & náisiúnta, cosúil le Bailte Slachtmhara, Mórtas Cine is Ceantair Cheatharlach & Mórtas Cine is Ceantair Chomhoibriú Éireann, Forbairt Fiontar Sóisialta a spreagadh & tacú lena leithéid	- Líon na bpobal atá ag glacadh páirt sa Chlár Mórtas Cine is Ceantair & i gClár na mBailte Slachtmhara. Roinnt cruinnithe idirghníomhaireachta a éascú a bhaineann go sonrach le pobail spriocdhírithe. Pobal amháin sa bhliain ar a laghad a éascú & a chumhachtú chun pleananna gníomhaíochta pobail a fhorbairt - Cistiú leordhóthanach a chur ar fáil sa bhuiséad bliantúil do chlár deontais pobail & do dheontais feabhsaithe baile. Tacaíocht a sholáthar do phobail spriocdhírithe tríd an nguthán, trí ríomhphost & trí chruinnithe aghaidh ar aghaidh (teagmháil sheachtainiúil). Dóthain cistithe a chur ar fáil sa bhuiséad bliantúil do thionscadail 1 phobal/thionscadal sa bhliain i Mórtas Cine is Ceantair Chomhoibriú Éireann
Pobal	Tacú le forbairt struchtúr ionadaíoch a éascaíonn rannpháirtíocht saoránach tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP)	- An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 - An Ceathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Rialtais Oscailte 2023-2025 - Treochlár Feidhmithe MAZARS	- Tacú le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach & an Rúnaíocht go háirithe - A chinntiú go bhfaigheann coistí an Údarás Áitiúil cosúil le CBSanna, CFPÁna agus CSPÁ tríd an LRP - Grúpaí Pobail a spreagadh chun clárú leis an LRP. - A chinntiú go dtuigeann gach rannóg laistigh den Údarás Áitiúil gurb é an LRP an fheidhm atá le húsáid chun eolas maidir le beartais, pleananna & seirbhísí a roinnt leis an bpobal	2 chruinniú fhoirmiúla ar a laghad le rúnaíocht LRP sa bhliain 1 chumarsáid neamhfhoirmiúil amháin ar a laghad le LRP gach Ráithe - Critéir i gcomhair deontas comhshaoil pobail nach mór do ghrúpa a bheith cláraithe le LRP chun cáiliú lena n-aghaidh



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
Pobal	Tacú le Daonlathas Áitiúil & é a Fheabhsú mar seo a leanas: Rannpháirtíocht daoine óga i struchtúir chinnteoireachta daoine óga a chur chun cinn & a spreagadh sa Chontae trí Chomhairle na nÓg Chontae Cheatharlach	- Acht na Leanaf 2001 - Beartas Áineasa Náisiúnta do Dhaoine Óga 2007 - Plean Forbartha Chomhairle na nÓg	- Tacú le Comhairle na nÓg & comhairle a chur uirthi agus ar a coiste stiúrtha i ndáil le cur chun feidhme a plean bhliantúil - A chinntiú go dtugann gach rannóg den Údarás Áitiúil agus páirtithe leasmhara eile deis do dhaoine óga páirt a ghlacadh ina bpróisis chinnteoireachta	- CLS a eagrú le Seirbhísí Óige Réigiúnacha Cheatharlach chun an Clár Comhairle a sheachadadh - Iarratas bliantúil ar chistiú a ullmhú - Cathaoirleacht a dhéanamh ar Chruinniú an choiste idirghníomhaireachta ar bhealach a chinntíonn rannpháirtíocht ábhartha na bpáirtithe ar fad
Pobal	Tacú le Folláine & le Rannpháirtíocht Ghníomhach mar seo a leanas: Cláir Chistithe ORIS & CLÁR	- Plean Forbartha Contae 2022-2028 - Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2023-2029 - Tairbhe a Bhaint as Straitéis Áineasa Allamuigh 2023- 2027 na hÉireann - Plean Áineasa Allamuigh Chontae Cheatharlach.	Tionscadail oiriúnacha a shainaithint i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara a fheabhsóidh an Bonneagar Áineasa/Conláistí agus Folláine an Phobail.	- Iarratais chistithe a ullmhú faoi CLÁR & ORIS - Cláir & tionscadail rathúla a chur chun feidhme
Pobal	Straitéis Áineasa Allamuigh	- Plean Forbartha Contae 2022-2028 - Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2023-2029 - Tairbhe a Bhaint as Straitéis Áineasa Allamuigh 2023- 2027 na hÉireann	Straitéis Áineasa Allamuigh do Chontae Cheatharlach a ullmhú agus a fhorbairt i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara	- Straitéis Áineasa Allamuigh le bheith ullmhaithe faoi Ráithe 2 2025 - Cistiú le haimsiú agus iarratais le hullmhú chun príomhthionscadail a chur chun feidhme



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibriúcháin
Pobal	Clár Cheatharlach Sláintiúil a chur chun feidhme	• Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2023-2029 • Straitéis Cheatharlach Sláintiúil 2023-2025 • Plean Forbartha Contae 2022-2028	• Tacú le daoine agus le pobail chun saol níos faide, níos sláintiúla a chaitheamh i dtimpeallachtaí sábháilte, sláintiúla i bpobail athléimneacha de réir PÁEP Cheatharlach • Daoine agus pobail a chumhachtú chun aire níos fearr a thabhairt dá sláinte agus dá bhfolláine féin • Éagothroime sláinte a laghdú • Bearta tacaíochta chun inrochtaineacht agus comhionannas a fheabhsú trí thacaíocht shonrach a spriocdhíriú ar phobail a bhfuil bacainní ag cur isteach orthu • Tacú le foghrúpa CFPÁ Cheatharlach Sláintiúil chun Plean Cheatharlach Sláintiúil a chur chun feidhme. A chinntiú go leabaíonn Comhairle Contae Cheatharlach gníomhartha agus prionsabail sláinte & folláine ina Pleananna, Beartais & Seirbhísí straitéiseacha ar fad	• Leantar ar aghaidh le Comhordaitheoir ES a fhostú agus ag tacú leis nó léi • Buaileann Foghrúpa CFPÁ Cheatharlach Sláintiúil le chéile 6 huair i rith na bliana ar a laghad • Foirne ilréimsiúla & páirtithe leasmhara seachtracha ag glacadh páirt i nGníomhartha Cheatharlach Sláintiúil • Tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn do CFPÁ, cruinnithe Ceantair Bhardasaigh agus Comhairle maidir le dul chun cinn i ndáil le Ceatharlach Sláintiúil • Tuairisciú bliantúil do Pobal maidir le cur chun feidhme cistithe & straitéise



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
Áineas, Conláistí agus Spóirt	Daoine & Pobail Ghníomhacha: Daoine agus Pobail Ghníomhacha a chruthú agus tacú leo	- Plean Spóirt Áitiúil 2025-2029 - Plean Áineasa Allamuigh Cheatharlach - Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail 2023-2029 - Plean Forbartha Contae 2022-2028	- Níos mó rannpháirtíochta i gcúrsaí spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i gContae Cheatharlach - Príomhbhéim á leagan ar ghrúpaí spriocdhírith, go háirithe grúpaí atá ag déileáil le míbhuntáiste - Daoine, clubanna & eagraíochtaí a chumhachtú agus a n-acmhainn a fhorbairt chun deiseanna spóirt & gníomhaíochta fisiciúla a chur ar fáil. - Tacú le forbairt & inbhuanaitheacht pobal gníomhach, trí spórt & gníomhaíocht fhisiciúil a úsáid chun sláinte & folláine daoine ar fud Chontae Cheatharlach a fheabhsú	- Tá cuspóirí, cláir agus spriocanna oibriúcháin á seachadadh de réir chuspóirí an Phlean Spóirt Áitiúil i gcomhpháirt leis an Údarás Áitiúil - Tá maoirseacht á déanamh ag coiste comhairleach PSÁ ar sheachadadh an Phlean. Buaileann an Coiste sin le chéile thart ar ocht n-uaire i rith na bliana & cuirtear tuarascálacha rialta ar fáil don Chomhairle
Áineas, Conláistí agus Spóirt	Áiteanna & Spásanna: Spásanna agus áiteanna ar fud Chontae Cheatharlach atá oiriúnach do spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn agus a úsáid		- Déileáil leis an ngá atá le níos mó rochtana ar shaoráidí & ar spásanna spóirt & gníomhaíochta fisiciúla laistigh & lasmuigh ar ardchaighdeán i ngach cuid de Cheatharlach - Na spásanna & na háiteanna atá againn cheana féin a bharrfheabhsú cosúil le hionaid phobail, páirceanna, ionaid áineasa & scoileanna mar áiteanna inar féidir imeachtaí spóirt, gníomhaíocht fhisiciúil agus áineasa a reáchtáil - Timpeallacht nádúrtha Cheatharlach a bharrfheabhsú chun rannpháirtíocht i spórt & i ngníomhaíocht fhisiciúil lasmuigh a mhéadú. - Tacú le ceannaireacht ghníomhach & páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí comhoibritheacha fiúntacha	



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibriúcháin
Áineas, Conláistí agus Spóirt	Ceannaireacht & Comhpháirtíocht: Tacú le ceannaireacht ghníomhach agus páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí comhoibritheacha fiúntacha		• Próifíl & infheictheacht spóirt & gníomhaíochtaí fisiciúla laistigh de Cheatharlach Gníomhach a fheabhsú agus léargas a thabhairt ar an tionchar trí fhianaise a úsáid • Plé & comhoibriú réamhghníomhach le raon leathan daoine & comhpháirtithe chun tosaíochtaí spóirt & gníomhaíochtaí fisiciúla Cheatharlach a sheachadadh • Córais & struchtúir éifeachtacha, chuntasacha & chomhtháite a leabú leis na hacmhainní cearta chun an bPlean Spóirt Áitiúil a sheachadadh	
An tSeirbhís Ealaíon	Leanúint ar aghaidh le hacmhainní a chur ar fáil agus ag cur le Seirbhís Ealaíon ar ardchaighdeán	• Straitéis na Seirbhíse Ealaíon 2025-2035 • Carlow County Council Creative Ireland Culture and Strategy 2023-2027	• Leanúint ar aghaidh le ceannaireacht straitéiseach a thabhairt tríd an bhFoireann Cultúir	• Oifigeach Rannpháirtíochta Pobail Éire Ildánach a choimeád agus tacú leis nó léi ina ról chun an straitéis a sheachadadh
An tSeirbhís Ealaíon	Plean Forbartha Ealaíon: Plean Forbartha na Seirbhíse Ealaíon 10 mbliana a Fhorbairt & a Chur Chun Feidhme	• Straitéis na Seirbhíse Ealaíon 2025-2035	• Plean feidhmithe bunaithe ar Straitéis na Seirbhíse Ealaíon a fhorbairt • Fóram feidhmithe a fhorbairt	• Tacú leis an tSeirbhís Ealaíon chun acmhainní a chur ar fáil don phlean agus dá chur chun feidhme
An tSeirbhís Ealaíon	Ealaíona Pobail: Leanúint ar aghaidh le cláir áitfhreagracha/áitbhunaithe a fhorbairt & acmhainní a chur ar fáil lena n-aghaidh a bhaineann tairbhe as cur chuige ón mbonn aníos cosúil le Glac Páirt Cheatharlach agus Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag	• Straitéis na Seirbhíse Ealaíon 2025 – 2035 • Straitéis Glac Páirt 2023-2027 • Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail (PÁEP) 2023-2029	• An Straitéis Glac Páirt 2023-2027 a chur i bhfeidhm • Clár oibre a dhearadh d'Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag 2025 – 2028	• Na tionscnaimh sin a leabú san obair atá á déanamh ag an tSeirbhís Ealaíon, tacú leis an dá chlár agus acmhainní a chur ar fáil lena n-aghaidh



Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Clár Tacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin
An tSeirbhís Ealaíon	Deis d'Ealaíontóirí: Ealaíontóirí a Chothabháil agus Tacú leo	• Straitéis na Seirbhíse Ealaíon 2025 – 2035 • Straitéis Glac Páirt 2023-2027 • Carlow County Council Creative Ireland Culture & Strategy 2023-2027	• Níos mó deiseanna d'ealaíontóirí sna réimsí Ealaíon agus Cultúir a bhaineann le bonneagar, pobal, seirbhísí leabharlainne/músaem, pleanáil, seirbhísí fiontar áitiúil & corparáideacha - Níos mó deiseanna coimisiúnaithe agus tacaíochta d'ealaíontóirí • Raon leathan struchtúr tacaíochta do phobail cosúil le Deontais Achtanna Ealaíon, sparánachtaí, oiliúint agus meantóireacht - Níos mó rannpháirtíochta agus deiseanna rochtana chun a chinntiú go mbeidh rath ar na hEalaíona & ar Chultúr • Forbairt leanúnach Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag chun tacú le healaíontóirí áitiúla sa cheantar • An fhéidearthacht a bhaineann le spás a chur ar fáil d'ealaíontóirí i mBaile Cheatharlach • Beartas Ealaíne Poiblí a fhorbairt faoin straitéis náisiúnta nua Per Cent for Art	• Cumarsáid shoiléir maidir le tacaíochtaí atá á dtairiscint ag Seirbhís ealaíon an údaráis áitiúil d'ealaíontóirí sa cheantar áitiúil agus maidir leis an ról atá ag údaráis áitiúla agus maidir leis an ról atá acu i bhforbairt fhadtéarmach na n-ealaíon
An tSeirbhís Ealaíon	Comhpháirtíocht: Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta, eagraíochtaí acmhainní náisiúnta, eagraíochtaí ealaíon áitiúil, earnálacha deonacha & pobail áitiúla	• Straitéis na Seirbhíse Ealaíon 2025 – 2035 • Straitéis Glac Páirt 2023-2027 • Carlow County Council Creative Ireland Culture & Strategy 2023-2027 • Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) 2023-2029 • Mórshaothar Ealaíne a Chruthú – Straitéis Náisiúnta Chomhairle Ealaíon na hÉireann	• Leanúint ar aghaidh le cothabháil agus le comhoibriú agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a chothabháil chun lántairbhe a bhaint as na deiseanna atá ar fáil dár n-ealaíontóirí agus dár bpobail	• Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a shainaithint & an ról ar leith atá ag gach ceann de na comhpháirtithe a chur in iúl



